

## Dúshlán 2; Téamh Tithe

Bhí téamh tithe freagrach as 20% d'éileamh fuinnimh Chiarraí sa bhliain 2018, ag astú 197 ktonna de CO<sub>2</sub> (11%). Molann an Plean Gníomhaíochta Uile-Rialtais um Athrú Aeráide go raghfaí i ngleic leis seo faoi 2030 trí;

- Iarfheistiú a dhéanamh ar 450,000 tigh go leibhéal B2 de RFF [Rátáil Fuinnimh Foirgnimh].

- Agus córas pumpa teasa a chur isteach in 300,000 de na tithe seo chomh maith.

Tá, ámh, roinnt fadhbanna leis an bplean seo: chun go n-oibreodh pumpa teasa i gceart is gá do thigh a bheith ag an ráta B2 de RFF ar a laghad, agus bíonn iarfheistiú costasach. D'fhéadfadh sé €30,000 - €50,000 a chosain chun an gnáth-thigh a dhéanamh, fiú le cúnamh deonais san áireamh;

- Cad iad na roghanna eile atá ann?
- Ar cheart caitheamh le gach saghas tigh mar an gcéanna?

|              | % Share | No. of houses | Avg. kWh / m <sup>2</sup> per year |                            |                     | Year built   | Avg. m <sup>2</sup> |
|--------------|---------|---------------|------------------------------------|----------------------------|---------------------|--------------|---------------------|
|              |         |               | Total energy demand                | Lighting, Appliances, etc. | Heating & Hot water |              |                     |
| <b>A</b>     | 2%      | 1,086         | 34                                 | 13                         | 21                  | Pre 1919     | 98                  |
| <b>B1</b>    | 2%      | 1,086         | 67                                 | 14                         | 53                  | 1919 - 1945  | 100                 |
| <b>B2</b>    | 3%      | 1,629         | 81                                 | 16                         | 65                  | 1946 - 1960  | 104                 |
| <b>B3</b>    | 7%      | 3,800         | 96                                 | 17                         | 79                  | 1961 - 1970  | 104                 |
| <b>C</b>     | 36%     | 19,544        | 113                                | 18                         | 95                  | 1971 - 1980  | 106                 |
| <b>D</b>     | 25%     | 13,572        | 142                                | 18                         | 124                 | 1981 - 1990  | 108                 |
| <b>E</b>     | 12%     | 6,515         | 179                                | 19                         | 160                 | 1991 - 2000  | 110                 |
| <b>F</b>     | 5%      | 2,714         | 226                                | 19                         | 207                 | 2001 - 2010  | 113                 |
| <b>G</b>     | 8%      | 4,343         | 265                                | 21                         | 244                 | 2011 or 2016 | 231                 |
| <b>Total</b> |         | 54,288        |                                    |                            |                     | post 2016    | 225                 |

## Ríomh Samplach

An gnáth-aois/gnáth-RFF a bheadh ar thithe in Éirinn, agus i gCiarraí chomh maith, ná tigh de rátáil C tógtha idir 1981-1990. I gCiarraí, bheadh an chuid is mó acu seo á théamh le hÍle, le cuid acu ag brath ar théitheoirí leictreacha nó breosla soladach. Is é seo a leanas an sábhail a bheadh ann mar thoradh ar iarfheistiú;

$$\text{Téamh Íle} - 108 \text{ m}^2 \times (95-65) \text{ kWh/m}^2 \times 0.257 \text{ kgCO}_2/\text{kWh}^* = 832.7 \text{ kgCO}_2 \text{ sa bhliain}$$

$$\text{Téamh le Breosla Soladach} - 108 \text{ m}^2 \times (95-65) \text{ kWh/m}^2 \times 0.348 \text{ kgCO}_2/\text{kWh}^* = 1,128.5 \text{ kgCO}_2 \text{ sa bhliain}$$

Anuas ar sin, trí pumpa teasa a chur isteach;

$$\text{Tigh le rátáil B2} - 108 \text{ m}^2 \times 65 \text{ kWh/m}^2 = 7,020 \text{ kWh sa bhliain}$$

Ag glacadh leis go mbíonn Comhéifeacht Feidhmiúcháin ag an bpumpa teasa de 2.5 –  $7,020 / 2.5 = 2,808 \text{ kWh sa bhliain}$

$$\text{Tigh á théamh le hÍle} - (0.257 \text{ kgCO}_2/\text{kWh}^* \times 7,020 \text{ kWh}) - (0.375 \text{ kgCO}_2/\text{kWh}^* \times 2,808 \text{ kWh})$$

$$1,840 \text{ kgCO}_2 - 780 \text{ kgCO}_2 = 1,060 \text{ kgCO}_2 \text{ sa bhliain}$$

\*tugtha san fhaisnéis bhreise

## Foinsí áisiúla faisnéise

[Torthaí do Chiarraí ó Dhaonáireamh 2016](#)

[SEAI Fuinneamh san Earnáil Chónaitheach 2018](#)